Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7457/25**

**SOC 166**
**EMPL 112**
**SAN 124**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Kaire SAAREP, comhalta malartach don Eastóin, in ionad Silja SOON, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Silja SOON tar éis éirí as oifig mar chomhalta malartach den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Eastóin).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Kaire SAAREP ainmnithe ag Rialtas na hEastóine don suíochán sin go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, a ghlacadh mar mhír 'A', mar a leagtar amach in 7459/25 é, agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.